Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12052/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0223 (NLE)**

**AELE 67**
**FL 35**
**ISL 45**
**N 71**
**MI 797**
**ENV 970**
**FISC 263**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 402 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Phrótacal 10 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le simpliú imscrúduithe agus foirmiúlachtaí i leith iompar earraí, agus ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse (Ranníocaíocht Airgeadais SCCT) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 402 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 402 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.7.2026
COM(2026) 402 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Phrótacal 10 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le simpliú imscrúduithe agus foirmiúlachtaí i leith iompar earraí, agus ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

**(Ranníocaíocht Airgeadais SCCT)**

GA GA

# IARSCRÍBHINN

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE
## Uimh. […]

**an […]**

**lena leasaítear Prótacal 10 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le simpliú imscrúduithe agus foirmiúlachtaí i leith iompar earraí, agus Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a ionchorprú i gComhaontú LEE, ní mór úsáid a bhaint as córais faisnéise de chuid an Aontais a bhaineann go páirteach le hoibriú chríoch chustaim an Aontais. Thairis sin, tá Clárlann SCCT agus an t-ardán lárnach coiteann forbartha go sonrach le haghaidh oibriú SCCT, nach mór baint a bheith ag Stáit CSTE leis agus a dteastaíonn coigeartuithe sonracha air chun na críche sin. Níl Stáit CSTE ina gcuid de chríoch chustaim an Aontais agus, dá bhrí sin, de réir an réamhshocraithe, ní raibh rochtain acu ar na córais faisnéise shonracha a úsáidtear chomh maith chun críocha SCCT. A mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht sna córais faisnéise custaim is ábhartha d’oibriú SCCT, chomh maith le coigeartuithe ar Chlárlann SCCT a bhaineann go sonrach le CSTE, lena n-áirítear aon choigeartú sonrach a bhaineann leis an ardán lárnach coiteann, leagtar na rialacha maidir le rannpháirtíocht airgeadais amach i bPrótacal 10 a ghabhann le Comhaontú LEE. A mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht Stáit CSTE, lena n-áirítear Údarás Faireacháin CSTE, i gClárlann SCCT agus le rannpháirtíocht Stáit CSTE san ardán lárnach coiteann, leagtar na rialacha maidir le rannpháirtíocht airgeadais amach i bPrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE faoi rialacha Airteagal 82 agus Phrótacal 32 a ghabhann le Comhaontú LEE. Ós rud é go ranníocfaidh Stáit CSTE leis na córais, gheobhaidh siad mar chúiteamh an ceart na córais sin a rochtain agus an ceart iad a úsáid chun Rialachán (AE) 2023/956 a chur i bhfeidhm.

(2) I gceangal leis an gCinneadh seo tá méideanna táscacha na ranníocaíochtaí airgeadais ó Stáit CSTE chun críocha Phrótacal 10 tráth ghlacadh an Chinnidh seo.

(3) Ós rud é nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2023/956 maidir le Lichtinstéin, níor cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 10 agus Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

[1] IO L 130, 16.5.2023, lch. 52.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Prótacal 10 a ghabhann le Comhaontú LEE, leasaítear é mar a leanas:

2. In Airteagal 2, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'5. Tá feidhm ag na forálacha in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956 idir an Comhphobal, an Íoslainn agus an Iorua.'

3. Cuirtear an iarscríbhinn seo a leanas i ndiaidh Iarscríbhinn II:

**'Iarscríbhinn III**

**Socruithe teicniúla agus airgeadais maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/956**

*Airteagal 1*

*Sainmhínithe*

Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

a) Ciallóidh 'Clárlann SCCT' an Chlárlann de dhearbhóirí údaraithe SCCT i bhfoirm bunachair sonraí leictreonaigh chaighdeánaithe ina bhfuil na sonraí i ndáil le dearbhuithe SCCT na ndearbhóirí údaraithe SCCT sin, arna bunú de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2023/956;

b) Ciallóidh 'an t-ardán lárnach coiteann' an t-ardán arna bhunú le haghaidh dhíol agus athcheannach deimhnithe SCCT, de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2023/956;

(c) Ciallóidh 'CBRC' an córas bainistithe riosca custaim (CBRC) dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún;

d) Ciallóidh 'CCN2' Líonra Cumarsáide Coiteann 2;

e) Ciallóidh 'CRS' Córas na Seirbhísí Tagartha do Chustaiméirí;

f) Ciallóidh 'Datalab' an córas a úsáidtear le haghaidh anailís ar bhainistiú riosca agus comhiomlánú sonraí agus claochlú maidir le sonraí i ndáil le hidirbhearta custaim.

*Airteagal 2*

*Próisis SCCT a bhaineann le rialuithe custaim agus bainistiú riosca*

1. Úsáidfear Clárlann SCCT chun faisnéis a bhaineann leis an gcumarsáid idir an Coimisiún agus údaráis chustaim na hIorua agus na hÍoslainne a mhalartú agus a stóráil. I gcás faisnéis chustaim SCCT a bhaineann le riosca, is é an córas CBRC a úsáidfear.

2. Úsáidfear an córas CBRC le haghaidh cumarsáid idir na húdaráis chustaim agus idir na húdaráis chustaim agus an Coimisiún chun Rialachán (AE) 2023/956 a chur i bhfeidhm, agus chun faisnéis chustaim SCCT a bhaineann le riosca a mhalartú agus le haghaidh anailís riosca dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2023/956.

*Airteagal 3*

*Ardán Aonfhoirmeach Bainistithe na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh*

1. Is le hArdán Aonfhoirmeach Bainistithe na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh a dhéanfar fíordheimhniú agus fíorú rochtana oibreoirí eacnamaíocha agus oifigeach de chuid na hÍoslainne agus na hIorua agus oifigeach de chuid Údarás Faireachán CSTE chun críoch rochtana ar Chlárlann SCCT.

2. Le hArdán Aonfhoirmeach Bainistithe na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh cumasófar an chumarsáid idir córais bainistithe céannachta agus rochtana na bPáirtithe Conarthacha dá dtagraítear i mír 6 chun rochtain shlán údaraithe a thabhairt d'oifigigh agus oibreoirí eacnamaíocha na Páirtithe Conarthacha ar na córais leictreonacha.

3. Beidh na comhpháirteanna coiteanna seo a leanas in Ardán Aonfhoirmeach Bainistithe na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh:

(a) córas bainistithe rochtana;

(b) córas bainistithe riaracháin;

4. Úsáidfear Ardán Aonfhoirmeach Bainistithe na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh chun fíordheimhniú agus fíorú rochtana na bpáirtithe seo a leanas a áirithiú:

(a) oibreoirí eacnamaíocha chun críoch rochtana ar Chlárlann SCCT;

(b) oifigigh na bPáirtithe Conarthacha, lena n-áirítear oifigigh Údarás Faireachán CSTE, chun rochtain a fháil ar chomhpháirteanna coiteanna Chlárlann SCCT agus Ardán Aonfhoirmeach Bainistithe na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh a chothabháil agus a bhainistiú.

5. Cuirfidh na Páirtithe Conarthacha ar bun an córas bainistithe rochtana a ndearna an Coimisiún foráil maidir leis chun bailíochtú a dhéanamh ar na hiarrataí ar rochtain arna gcur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha agus ag oifigigh na bPáirtithe Conarthacha, lena n-áirítear oifigigh de chuid Údarás Faireacháin CSTE, laistigh d'Ardán Aonfhoirmeach Bainistithe na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh trí bheith ag idiroibriú le córais bainistithe céannachta agus rochtana dá dtagraítear i mír 7.

6. Cuirfidh na Páirtithe Conarthacha ar bun an córas bainistithe riaracháin chun na rialacha fíordheimhniúcháin agus údarúcháin a bhainistiú maidir le sonraí sainaitheanta oibreoirí eacnamaíocha a bhailíochtú chun rochtain ar na córais leictreonacha a cheadú.

7. Cuirfidh na Páirtithe Conarthacha ar bun córas bainistithe céannachta agus rochtana chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) clárú slán agus stóráil slán sonraí sainaitheanta oibreoirí eacnamaíocha;

(b) malartú slán sonraí sainaitheanta oibreoirí eacnamaíocha a bheidh sínithe agus criptithe agus a úsáidfear ar an ardán bainistithe céannachta agus rochtana chun gur féidir le riarthóir an ardáin rochtain a dheonú dóibh ar an ardán sin.

*Airteagal 4*

*An rúndacht ghairmiúil agus na sonraí pearsanta a chosaint*

1. An chosaint a thugtar don rúndacht ghairmiúil agus do na sonraí pearsanta de réir mar atá sainithe sna dlíthe ábhartha is infheidhme i gcríoch an Pháirtí Chonarthaigh is

faighteoir, tabharfar í don fhaisnéis a mhalartóidh na Páirtithe Conarthacha mar chuid de na bearta dá bhforáiltear sa Chaibidil seo.

2. Go sonrach, ní fhéadfar an fhaisnéis sin a tharchur ar aghaidh chuig daoine seachas na húdaráis inniúla sa Pháirtí Conarthach is faighteoir, ná ní fhéadfaidh na húdaráis sin í a úsáid chun críoch seachas na críocha dá bhforáiltear sa Chomhaontú.

*Airteagal 5*

*Bainistiú Sonraí agus Úinéireacht agus Slándáil*

Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go gcomhfhreagróidh na sonraí arna gclárú ar an leibhéal náisiúnta do na sonraí arna gclárú sna comhpháirteanna coiteanna agus go gcoinneofar cothrom le dáta iad.

*Airteagal 6*

*Socruithe maidir leis na freagrachtaí, na gealltanais agus na hionchais i gcomhthéacs chur chun feidhme agus oibríochtaí chomhpháirteanna agus sheirbhísí Chlárlann SCCT, na gcóras cumarsáide agus na gcóras foluiteach is gá le haghaidh oibriú SCCT*

Maidir le leathnú úsáid Chlárlann SCCT chun an Íoslainn agus an Iorua a chumhdach, sainítear leis an Socruithe Maoiniúcháin sin (dá ngairtear 'na Socruithe' anseo feasta) na heilimintí comhair idir na Páirtithe Conarthacha, a bhaineann le Clárlann SCCT agus na seirbhísí, leis na córais chumarsáide agus leis na córais fholuiteacha is gá le haghaidh oibriú SCCT.

(a) Déanfaidh an Coimisiún na coigeartuithe sonracha ar chomhpháirteanna SCCT, a fhorbairt, a thástáil, a chur in úsáid, a bhainistiú agus a oibriú, lena n-áirítear na ríomhchláir agus na seirbhísí, agus córais chumarsáide agus córais chustaim fholuiteacha, amhail Ardán Aonfhoirmeach Bainistithe na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh, CCN2, CBRC, CRS agus anailísíocht (Datalab), ar coigeartuithe iad a bhfuil gá leo chun gur féidir le Stáit CSTE SCCT a oibriú, lena n-áirítear aon choigeartú sonrach a bhaineann leis an ardán lárnach coiteann.

(b) Déanfaidh an Íoslainn agus an Iorua aon chomhpháirt náisiúnta a mheasfar a bheith riachtanach le haghaidh an idirnaisc le Clárlann SCCT agus oibriú phróisis lárnacha choiteanna SCCT, a fhorbairt, a thástáil, a chur in úsáid, a bhainistiú agus a oibriú, amhail:

    (1) sonraí custaim a sholáthar a bheidh comhoiriúnach don struchtúr sonraí ábhartha is gá le haghaidh cumarsáid le Clárlann SCCT;
    (2) an sainaitheantóir corparáideach ábhartha, agus na sonraí gaolmhara uile, a sholáthar a bheidh comhoiriúnach don struchtúr sonraí ábhartha is gá le haghaidh cumarsáid le Clárlann SCCT, agus nuashonrú tráthrialta na sonraí sin.

(c) Toilíonn an Íoslainn agus an Iorua na costais aonuaire a chumhdach a thabhófar de bharr coigeartuithe sonracha i bpointe (a) a bhfuil gá leo chun gur féidir le Stáit CSTE SCCT a oibriú, lena n-áirítear aon choigeartú sonrach a bhaineann leis an ardán lárnach coiteann, de réir na méideanna táscacha atá i gceangal leis an gCinneadh seo. Roinnfidh an Íoslainn agus an Iorua an méid sin eatarthu tríd an bhfachtóir comhréireachta caighdeánach a chur i bhfeidhm, ach amháin i

gcás chostais seachadta an chórais CCN2, costais arb í an Íoslainn amháin atá le tacú leo.

(d) Toilíonn an Íoslainn agus an Iorua cion 0,625 % de chostais oibríochtúla na gcóras cumarsáide agus custaim a luaitear i bpointe (a) a chumhdach ó 2027 ar aghaidh, agus innéacsú bliantúil 2 % ann. I gcás Ardán Aonfhoirmeach Bainistithe na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh agus CRS, cumhdófar na costais oibríochtúla ó 2026 ar aghaidh. Roinnfidh an Íoslainn agus an Iorua an méid sin eatarthu tríd an bhfachtóir comhréireachta caighdeánach a chur i bhfeidhm, ach amháin i gcás chostais oibríochtúla an chórais CCN2, costais arb í an Íoslainn amháin atá le tacú leo. Tá na méideanna táscacha i gceangal leis an gCinneadh seo.

(e) Ríomhfaidh an Coimisiún na costais i gcomhréir lena chonarthaí leis na conraitheoirí arna mbunú faoi na nósanna imeachta reatha maidir le deonú conarthaí.

(f) Is féidir go mbeidh na costais dá dtagraítear faoi phointe (d) faoi réir athbhreithniú in 2028, ar thionscnamh an Choimisiúin, gan dochar do Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh.

(g) Íocfaidh an Íoslainn agus an Iorua iomlán chostais forbartha agus oibríochtúla na comhpháirte/na gcomhpháirteanna náisiúnta.

(h) Faoin 30 Meitheamh gach bliain, ón 30 Meitheamh 2026 ar aghaidh, nó tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, cibé acu is déanaí, iarrfaidh an Coimisiún ar an Íoslainn agus ar an Iorua na costais aonuaire a íoc a tabhaíodh de bharr fhorbairt na gcoigeartuithe, lena n-áirítear na ríomhchlár agus na seirbhísí, ar chomhpháirteanna Chlárlann SCCT is gá le haghaidh Stáit CSTE, agus córais chumarsáide agus córais chustaim fholuiteacha, dá dtagraítear faoi phointe (a) is gá chun gur féidir le Stáit CSTE SCCT a oibriú, ar bhonn nóta dochair a bheidh doiciméadaithe mar is iomchuí arna eisiúint ag an gCoimisiún.

(i) Toilíonn an Íoslainn agus an Iorua páirt a ghlacadh i gcostais oibríochtúla na bhfeidhmchlár agus na seirbhísí agus na gcóras custaim foluiteach atá idirnasctha le hoibriú Chlárlann SCCT, dá dtagraítear faoi phointe (a). Chun pointe (e) a chomhlíonadh, tá feidhm leis an méid seo a leanas:

    (1) Faoin 30 Meitheamh gach bliain, ón 30 Meitheamh 2026 ar aghaidh, nó tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, cibé acu is déanaí, cuirfidh an Coimisiún an Íoslainn agus an Iorua ar an eolas i scríbhinn faoi na costais oibríochtúla mheasta le haghaidh na bliana sin agus faoi na costais oibríochtúla mheasta le haghaidh na bliana dá éis sin.

    (2) An 30 Meitheamh 2027 amháin, iarrfaidh an Coimisiún ar an Íoslainn agus ar an Iorua a ranníocaíocht bhliantúil le haghaidh chostais oibríochtúla na bliana 2026 a íoc, chomh maith leis an ranníocaíocht mheasta le haghaidh 2027. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, ón 30 Meitheamh 2028 ar aghaidh, iarrfaidh an Coimisiún ar an Íoslainn agus ar an Iorua a ranníocaíocht bhliantúil a íoc le haghaidh na bliana sin chomh maith le méid chomhardú na bliana roimhe sin (diúltach nó deimhneach) ar bhonn nóta dochair a bheidh doiciméadaithe mar is iomchuí arna eisiúint ag an gCoimisiún.

    (3) Faoin 31 Eanáir gach bliain, ón 31 Eanáir 2028 ar aghaidh,

- Glanfaidh an Coimisiún na cuntais a bhaineann leis na costais bhliantúla a tabhaíodh roimhe seo ar bhonn an mhéid a d'íoc an Íoslainn agus an Iorua cheana i dtaca le costais iarbhír arna dtabhú ag an gCoimisiún agus tabharfaidh sé ráiteas cuntais don Íoslainn agus don Iorua ina mbeidh miondealú costas ina sainaithneofar na seirbhísí éagsúla agus an soláthar bogearraí; agus

- na costais bhliantúla iarbhír a thabhairt don Íoslainn agus don Iorua, i.e. costais oibríochtúla iarbhír, le haghaidh na bliana roimhe sin. Ríomhfaidh an Coimisiún na costais iarbhír agus mheasta i gcomhréir lena chonarthaí leis na conraitheoirí arna mbunú faoi na nósanna imeachta reatha maidir le deonú conarthaí. Déanfar an comhardú (diúltach nó deimhneach) idir na costais iarbhír agus méid measta na bliana roimhe sin a ríomh agus a chur in iúl don Íoslainn agus don Iorua le ráiteas cuntais ón gCoimisiún. Sa ráiteas cuntais beidh méid bliantúil measta na ranníocaíochta chomh maith le méid an chomhardaithe (diúltach nó deimhneach), arb é an toradh atá air go gcuirfidh an Coimisiún sonrasc don Íoslainn agus don Iorua leis an nóta dochair bliantúil.

(j) Déanfar an íocaíocht ón Íoslainn agus ón Iorua tar éis dháta eisiúna an nóta dochair. Ní mór gach íocaíocht a chur isteach sa chuntas de chuid an Choimisiún a bheidh sonraithe ar an nóta dochair, laistigh de 60 lá. San Aontas bainfear úsáid as na leithreasuithe a thiocfaidh as rannpháirtíocht Stáit CSTE i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Airgeadais.

(k) Má íocann an Íoslainn agus an Iorua na méideanna dá bhforáiltear i bpointí (c) agus (d) níos déanaí ná na dátaí a shonraítear i bpointe (j), féadfaidh an Coimisiún ús a ghearradh ar na riaráistí (ar an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm ar a oibríochtaí in euro, arna fhoilsiú i sraith 'C' de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, an lá ar a mbeidh an sprioc-am le haisíocaíocht, móide pointe go leith).

(l) Má iarrann an Íoslainn nó an Iorua coigeartuithe sonracha ar chomhpháirteanna, ríomhchláir nó seirbhísí ar Chlárlann SCCT nó táirgí nua TF lena haghaidh, beidh tionscnamh agus cur i gcrích na bhforbairtí sin faoi réir comhaontú frithpháirteach ar leithligh maidir le riachtanais acmhainní agus costais forbartha.

(m) Toilíonn na Páirtithe Conarthacha a bhfreagrachtaí féin a aithint agus a chomhlíonadh maidir le húsáid na gcóras TF de réir na tuairisce atá san Iarscríbhinn seo.

*Airteagal 7*

*An faireachán ar chur chun feidhme na hIarscríbhinne seo*

Cinnfidh Comhchoiste LEE conas atá na Páirtithe Conarthacha le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na hIarscríbhinne seo agus le comhlíonadh na bhforálacha inti a fhíorú.'

*Airteagal 2*

Cuirtear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 16 (Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Airteagal 7 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE:

'17. Glacfaidh Stáit CSTE páirt, ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, i ngníomhaíochtaí an Aontais a bhaineann leis an líne bhuiséid seo a leanas a iontráladh i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, le haghaidh na blianta airgeadais 2025, 2026 agus 2027.

- **Líne bhuiséid 9.20.04.01**: 'An sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha'.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le Lichtinstéin.'

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE[*].

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
*[…]*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*
*[…]*

[*] [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

**IARSCRÍBHINN I**

**Méideanna táscacha le híoc ag Stáit CSTE faoi Phrótacal 10**

Ní dhéantar réamhbhreith le méideanna tar éis 2027 ar thoradh na caibidlíochta atá ar bun maidir leis an gcéad CAI eile

| | | | **Ranníocaíochtaí CSTE comhcheangailte (EUR)** |
|---|---|---|---|
| **Clárlann SCCT** | 2025 | Costas na ngnéithe a bhaineann go sonrach le CSTE | 500 000,00 |
| | 2026 | Costas na ngnéithe a bhaineann go sonrach le CSTE | 700 000,00 |
| | 2027 | Costas na ngnéithe a bhaineann go sonrach le CSTE | 250 000,00 |
| | 2028 | Costas na ngnéithe a bhaineann go sonrach le CSTE | *le cinneadh* |
| **An tArdán Lárnach Coiteann** | 2026 - 2030 | Costas na ngnéithe a bhaineann go sonrach le CSTE | *Níor sainaithníodh iad go dtí seo* |
| **Bainistiú Riosca SCCT - Datalab** | 2026 | Costas soláthair | 50 000,00 |
| | 2027 | Costais oibríochtúla | 40 000,00 |
| | 2028 | Costais oibríochtúla | 40 000,00 |
| | 2029 | Costais oibríochtúla | 40 000,00 |
| | 2030 | Costais oibríochtúla | 40 000,00 |
| | *etc* | | |
| **Costais Ardán Aonfhoirmeach Bainistithe na nÚsáideoirí agus an tSínithe Dhigitigh** | 2026 | Costas soláthair | 135 000,00 |
| | | Costais oibríochtúla | 20 000,00 |
| | 2027 | Costais oibríochtúla | 20 000,00 |
| | 2028 | Costais oibríochtúla | 20 000,00 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 2029 | Costais oibríochtúla | 20 000,00 |
| | 2030 | Costais oibríochtúla | 20 000,00 |
| | *etc* | | |
| **Costais CRS** | 2026 | Costas soláthair | 150 000,00 |
| | | Costais oibríochtúla | 12 500,000 |
| | 2027 | Costais oibríochtúla | 12 500,000 |
| | 2028 | Costais oibríochtúla | 12 500,000 |
| | 2029 | Costais oibríochtúla | 12 500,000 |
| | 2030 | Costais oibríochtúla | 12 500,000 |
| | *etc* | | |
| **Costais CCN2** | 2026 | Costas soláthair | 100 000,00 |
| | 2027 | Costais oibríochtúla | 10 000,00 |
| | 2028 | Costais oibríochtúla | 10 000,00 |
| | 2029 | Costais oibríochtúla | 10 000,00 |
| | 2030 | Costais oibríochtúla | 10 000,00 |
| | *etc* | | |